

## Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 2

Tá nótaí faoi na leasuithe atá le déanamh ar an téacs le fáil in **Tráchttaireacht** thíos.

Tá tuilleadh plé ar cheisteanna a thagann aníos sa téacs in **Pointí plé**.

### Cé a Cheannódh Dán?

‘Ceist: cé a cheannódh dán?’ Mathain Ó hIfeárnáin, file, a chuir an cheist sin, ós<sup>1</sup> cionn ceithre chéad bliain ó shin. Bhí Mathain ag scríobh le linn deireadh<sup>2</sup> ré na n-uaisle Gaelacha a bheireadh<sup>3</sup> stádas agus patrúntacht<sup>4</sup> do na filí agus a cheannaigh<sup>5</sup> a gcuid dánta. As sin amach, ní raibh in ann<sup>6</sup> do lucht éigse na Gaeilge ach an chluas bhodhar agus dímheas. Mhair an scéal mar sin gur thosaigh na hÉireannaigh ag cur suim ina n-oidhreacht chultúir agus theanga<sup>7</sup> an athuir, nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893.

Faoi thús an fhichiú<sup>8</sup> haois bhí an athbheochán<sup>9</sup> faoi lán seol<sup>10</sup> agus bhí leabhair á bhfoilsíú go tiubh. B’iad<sup>11</sup> an tAthair Peadar Ó Laoghaire agus Pádraic Ó Conaire a scríobh na saothair ba mhó éilimh<sup>12</sup> san am: *Séadna* agus *Deoraíocht*. Go deimhin, bhí sé de rún ag Pádraic a bheatha a thabhairt i dtír ar an scríbhneoireacht chruthaitheach. Is deacair samhlú<sup>13</sup> cén díoma<sup>14</sup> a bhí air nuair a thuig sé go mbeadh air tabhairt faoi gach saghas mioncheapadóireacht<sup>15</sup> leis an gorta<sup>16</sup> a choimeád ó dhoras a thí.

Tháinig snag i saothrú na Gaeilge tar éis an Chogaidh Cathartha.<sup>17</sup> Ní go dtí tar éis an Dara Cogadh Domhanda a tháinig brí nua i litríocht na Gaeilge. Ba shin<sup>18</sup> an uair ar tháinig<sup>19</sup> Máire Mhac an tSaoi, Máirtín Ó Direáin agus Seán Ó Ríordáin ar an bhfód. Filí a bhí sna triúr<sup>20</sup> sin, ach bhí gealladh faoin scríbhneoireacht phróis ach oiread.<sup>21</sup> Ach ní raibh ag éirí le duine ar bith slí bheatha a dhéanamh den scríbhneoireacht.

Státsheirbhísigh<sup>22</sup> a bhí sa Ríordánach agus sa Direánach ar aon.<sup>23</sup> Bhí dúil as cuimse ag Seosamh Mac Grianna i gceird na scríbhneoireachta, agus ba mhian leis a cleachtadh go lánaimseartha. In áit sin,<sup>24</sup> chaith sé a laethanta ag aistriú leabhar Béarla<sup>25</sup> don Ghúm–leabhair nach raibh fiúntas rómhór ag baint leo ó thaobh an ficin<sup>26</sup> de. Cuireadh Máirtín Ó Cadhain i mbun na hoibre céanna, ach bhí sé go mór in éadan polasáí<sup>27</sup> seo an aistriúcháin. Mhaígh sé gurbh fhearr go mór dúinn scríbhneoirí dar<sup>28</sup> gcuid féin a bheith againn ná bheith ag iarraidh ár gcoda<sup>29</sup> féin a dhéanamh de litríocht an tsaoil mhóir. Is beag an duine<sup>30</sup> inniú<sup>31</sup> a déarfadh nach raibh an ceart aige.

## Tráchttaireacht

1. *os*... Féach an iontráil [OS NÓ ÓS?](#) in Cruinneas.
2. *dheireadh*... Ó tharla ‘ré na n-uaisle Gaelacha’ a bheith cinnte.
3. *thugadh*... Foirm chaighdeánach na haimsire gnáthchaite.
4. *pátrúnacht*... Ní mór síneadh fada a chur ar an gcéad siolla. Leagan malartach a bheadh in ‘pátrúntacht’.
5. *cheannaíodh*... Táthar ag tagairt do rud a bhí ina nós; is í an aimsir ghnáthchaite a theastaíonn.
6. *i ndán*... Féach an iontráil [IN ANN/I NDÁN](#).
7. *teanga*... Féach an iontráil [SÉIMHIÚ 3: DNTLS](#).
8. *an fichiú*... Ní shéimhítear an focal seo i ndiaidh an ailt. Féach na samplaí in FGB.
9. *athbheochan*... Ní ainmfhocal firinscneach den chéad díochlaonadh é ‘athbheochan’, ach ainmfhocal baininscneach den dara díochlaonadh.
10. *lán seoil* (nó ‘lánseol’)
11. *Ba iad*...Scríobhtar foirm iomlán na copaile roimh na forainmneacha *é, í, iad, ea*.
12. *éileamh*... Níl feidhm leis an ainmfhocal a chur sa tuiséal ginideach. Féach, mar shampla, *An t-éan is áille guth; An páirtí is mó tacaíocht*.
13. *a shamhlú*... Féach an iontráil [A RÉAMHTHEACHTACH](#).
14. *díomá*... Sin é an litriú caighdeánach de réir FGB.
15. *mioncheapadóireachta*... Foirm an ghinidigh a theastaíonn i ndiaidh ‘saghas’.
16. *leis an ngorta* (nó ‘leis an ghorta’)... Cuirtear claochlú tosaigh ar ainmfhocal fiú agus é ina chuspóir i gclásal infinideach. Féach, mar shampla, *Leis an ngnó a dhéanamh; An teanga a athbheochan tríd an nGaeilge a mhúineadh sna scoileanna*.
17. *Chathartha*...Is aidiacht shimplí é ‘cathartha’ agus séimhítear é tar éis ‘an Chogaidh’.
18. *B’in*... De réir FGB.
19. *a*...Coibhneas díreach a leanann ‘uair’.
20. *sa triúr*... Ní raibh ach triúr amháin ann.

21. *chomh maith* (nó ‘freisin’, ‘fosta’, ‘leis’)... In abairtí diúltacha a úsáidtear ‘ach oiread.’
22. *Státseirbhísigh*... Féach an iontráil [SÉIMHIÚ 3: DNTLS](#).
23. *Araon*...Ina aon fhocal a scríobhtar é de réir FGB.
24. *Ina áit sin*...
25. *ag aistriú leabhair Bhéarla*... D’aistrigh sé níos mó ná leabhar amháin.
26. *fhicsin*... Níl cúis ar bith nach mbeadh séimhiú ann.
27. *pholasáí*... Ó tharla ‘an aistriúcháin’ a bheith cinnte.
28. *dár*... Is é a theastaíonn anseo ná cumasc den réamhfhocal ‘de’ agus den aidiacht shealbhach ‘ár’.
29. *gcuid*... Ó tharla go bhfuil ‘cuid’ ina chuspóir ag an ainm briathartha ‘déan’. Féach GGBC: 9.25.
30. *Is beag duine*... Féach an iontráil [IS BEAG \(AN\)](#).
31. *Inniu*... Seanlitriú is ea ‘inniú’.

## Pointí plé

1. Níor cheart na hainmneacha pearsanta a chaighdeánú ná leithéidí ‘Pádraig Ó Conaire’ ná ‘Máire Mac an tSaoi’ a chur in áit na leaganacha a roghnaigh na scríbhneoirí féin. Is fíor, áfach, go bhfuil cinneadh le déanamh idir ‘Ó Laoghaire’ agus ‘Ua Laoghaire’. Tá an dá leagan in úsáid. Is é [Peadar Ó Laoghaire](#) atá san iontráil ar [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie).
2. Ní miste ainmneacha na leabhar a scríobh de réir litriú an lae inniu (seachas *Deoraidheacht* agus *Séadna*), mar foilsíodh atheagráin faoi na teidil sin.
3. Bheifeá ag súil le hinfhilleadh ar an ainmfhocal ‘suim’ san abairt ‘thosaigh na hÉireannaigh ag cur suim ina n-oidhreacht chultúir’. Moltar sa CO (alt 3.3.5) gan an t-ainmfhocal a infhilleadh má táthar ag brath ar réamhfhocal leis an gciall a thabhairt slán, mar shampla *ag cur deireadh leis an scéim; ag baint leas as an gcóras*.
4. Bheadh fonn ar dhuine, b’fhéidir, an abairt seo a leasú: ‘Bhí dúil as cuimse ag Seosamh Mac Grianna i gceird na scríbhneoireachta, agus ba mhian leis a cleachtadh go lánaimseartha.’ Seans gurbh fhearr le daoine ‘í a chleachtadh’ ach féach gur féidir an aidiacht shealbhach a úsáid in áit an fhorainm ina leithéid de fhrása. Féach na samplaí in FGB faoin gceannfhocal **a<sup>5</sup>: ‘Bhí orm a chur, a cur, a gcur ar scoil**. I had to send him, her, them to school.’